

NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

01-02-16

Seirbhísí Reiligiúnacha

Searmanas na gCoinneal – Beidh Searmanas na gCoinneal ar siúl i gCnoc Mitin Déardaoin, an 25 Feabhra, ag a 7:30.

The Ceremony of Light for 6th Class will take place in Knockmitten church on Thursday, February 25th at 7:30pm.

An Chéad Fhaoistin – Beidh an Chéad Fhaoistin ar siúl Dé Céadaoin, an 2 Márta ag a 11:30am sa séipéal sa sráidbhaille.

The First Confession for 2nd class pupils will take place in the church in the village on Wednesday, March 2nd at 11:30am.

Traenáil


Beidh traenáil lúthchleasaíochta ar siúl gach Déardaoin ó 2.30-3.15pm leis an Múinteoir Olivia agus an Múinteoir Donncha.

Beidh traenáil chamógaíochta ag tosnú go luath. Beidh a thuilleadh eolais ag an Múinteoir Donncha.

There will be Athletic Training every Thursday from 2.30-3.15pm with Múinteoir Olivia and Múinteoir Donncha.

Camogie Training will be starting soon. Múinteori Donncha will have more information.

Bíonn cásanna míoltóga gruaige sa scoil go minic. Táim ag iarradh ar gach tuismitheoir mionscrúdú a dhéanamh ar na paistí (**cailíní agus buachaillí**) **anocht**. Má tá míoltóga i ngruaig do pháiste laghasaigh anocht iad le do thoil. Caithfimid an fhadhb seo a réiteach láithreach. **Má thagann tú ar mhíoltóga i ngruaig do pháiste ná cuir ar scoil é / í le do thoil go dtí bhfuil an fhadhb réitithe.**



*There have been a number of cases of head lice reported in the school. I am asking all of the parents to give their children's heads (**boys and girls**) a thorough examination **tonight**. If there are head lice in your child's hair please treat accordingly. We need to eradicate this problem immediately. **If you discover that your child has head lice please do not send him / her to school until the problem has been cleared.***

Fáilte roimh an Múinteoir Laura Ní Shúilleabháin atá tosnaithe linn mar Mhúinteoir Tacaíocht Foghlama in áit an Mhúinteora Lynn. *We welcome our new Learning Support Teacher, Laura Ní Shúilleabháin to the school. Laura has taken Múinteoir Lynn's place in Learning Support.*

Tá lán fáilte roimh beirt iardhalta, Somhairle Blackmore agus Ben Ó Cróinín, atá linn ar feadh tamaill ar thaithí oibre. Tá sé iontach iardhaltaí na scoile a fheiceáil ag teacht ar ais chugainn chun taithí a fháil. Beidh an bheirt acu ag cabhrú leis na múinteoirí ranga.

We welcome back two past pupils of the school, Somhairle Blackmore and Ben Ó Cróinín. Somhairle and Ben will be working with us for a while to gain Work Experience and we are delighted to welcome them back.

An Brat Glas

Mar is eol daoibh, tá an Coiste Glas ag oibriú agus ag foghlaim faoin mBithéagsúlacht don Bhrat Glas. Tá agus beidh gach rang ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis anBithéagsúlacht.

As you know, The Green Flag Committee are learning about Biodiversity to win the next Green Flag. Each class will be undertaking activities linked to Biodiversity in their classes over the coming weeks. Maith sibh!

Comóradh 1916

Mar chuid den chomóradh speisialta seo, tá Rang 5 ag cur túis le tionscnamh staire. Is tionscnamh é ina n-oibreoidh na páistí ar Stair na Clainne chomh fada siar le 1900. Má tá aon eolas/griangrafanna/litreacha nó scéalta agat sa bhaile, bheadh sé an-chabhrach dúinn dá seolfá isteach chugainn iad. Seolfar gach rud ar ais chuig tuistí gan mhoill.

As part of the 1916 Commemoration, Rang 5 are working on a History Project. It is a Family Project researching back as far as 1900. If there are any photos, information, letters, stories etc. that you think might be helpful, we would really appreciate it if you sent it in. All items sent in will be treated with care and returned without delay.

Rang 6

Beidh Rang 6 ag dul ar cuairt chuig an séipéal sa sráidbhaile Déardaoin, an 4 Feabhra, ag 11.30. Eagraíonn an Athair Ó Súilleabháin chun seans a thabhairt do pháistí turas beag a dhéanamh tríd an séipéal agus foghlaim faoi.

Rang 6 will be visiting the Church in the village on Thursday 4th February at 11.30. Father O Sullivan organised this to give the children an opportunity to have a tour around the church and to learn the history of the Church

Banc R5

Beidh Rang 5 ag déanamh tionscnamh Bizworld le Bank of Ireland i rith Mhí Feabhra agus an aidhm atá leis an gclár ná scileanna gnó/obair fairne agus sóisialta a mhúineadh do na páistí. Mo bhuiochas le Caimin Ó Catháin agus an Múinteoir Sandra as ucht é seo a eagrú do na páistí.

5th Class will be participating in a project Bizworld with Bank of Ireland during the month of February. The aim of the programme is to give the children an opportunity to develop business, team work and social skills. Many thanks to Caimin Ó Catháin and to Múinteoir Sandra who organised this for the class.

Céadaoin an Luathrigh/Ash Wednesday

Cuirfear tú leis an gCarghas Dé Céadaoin, an 10 Feabhra. Beidh pancóga againn ar Mháirt na hInide agus dar ndóigh beidh Céadaoin na Luathrigh ann an lá dar gcionn. Tá súil againn am a fháil le linn shéasúr an Charghais machnamh a dhéanamh ar ár saol (tá sé fior-dheacair é sin a dhéanamh sa saol gnóthach seo!!). Beidh Ranganna a 2 agus a 6 ag freastal ar Aifreann gach Céadaoin le linn an Charghais i gCnoc Mitin.

Next week sees the start of Lent. Tuesday is Shrove Tuesday (pancakes – yum!!) and Wednesday the 10th is of course Ash Wednesday. We hope this Lenten season will give us all a chance to reflect – so hard to get for this in such a busy world! 2nd and 6th Classes will attend mass every Wednesday in Knockmitten during Lent.



yum,
that
time

Aoife Ní Raghdhaigh

Príomhoide